**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0211/2023**

5.6.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha
(COM(2022)0157 – C9-0145/2022 – 2022/0105(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Radan Kanev

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRAFT EUROPEAN PARLIAMENT LEGISLATIVE RESOLUTION ..................................5

EXPLANATORY STATEMENT ..........................................................................................30

PROCEDURE – COMMITTEE RESPONSIBLE .....................................................................32

FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE ....................................33

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha**
**(COM(2022)0157 – C9- 0145/2022 – 2022/0105(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0157),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1), mír 1, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0145/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Iúil 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 12 Deireadh Fómhair 2022[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0211/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

[1] IO C443, 22.11.2022, lch. 130.
[2] IO C 498, 30.12.2022, lch. 154.

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Le Coinbhinsiún Aarhus, arna dhaingniú ag an gComhphobal Eorpach an 17 Feabhra 2005 le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle, aithnítear go rannchuidíonn rochtain mhéadaithe phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus scaipeadh na faisnéise sin go mór le feasacht níos fearr ar chúrsaí comhshaoil, saormhalartú tuairimí, rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag an bpobal sa chinnteoireacht chomhshaoil agus, ar deireadh, le comhshaol níos fearr. | (2) Le Coinbhinsiún Aarhus, arna dhaingniú ag an gComhphobal Eorpach an 17 Feabhra 2005 le Cinneadh 2005/370/CE, ón gComhairle, aithnítear go rannchuidíonn rochtain mhéadaithe phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus scaipeadh na faisnéise sin go mór le feasacht níos fearr ar chúrsaí comhshaoil, le saormhalartú tuairimí, le rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag an bpobal sa chinnteoireacht chomhshaoil agus, ar deireadh, le comhshaol níos fearr. ***I gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais go gcoinneofar faisnéis tráchtála nó thionsclaíoch faoi rún chun leas eacnamaíoch dlisteanach a chosaint, ba cheart an rúndacht sin a choimirciú, chun leasanna eacnamaíocha dlisteanacha den sórt sin a chosaint.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Aithnítear i gCoinbhinsiún Aarhus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta agus/nó comhaid a chosaint, ar sonraí nó comhaid iad a bhaineann le duine nádúrtha nár thoiligh go ndéanfaí an fhaisnéis a nochtadh don phobal, i gcás ina bhforáiltear do rúndacht na faisnéise sin sa dlí náisiúnta. Thairis sin, le Rialachán (AE)2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ceanglaítear ar na Ballstáit ábhair sonraí a chur ar an eolas faoina gcearta faoi na rialacha maidir le cosaint sonraí agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.*** |
| | ___________ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine*** |

***nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I gcomhréir le conclúidí an dara tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 166/2006, d'fhorbair an Coimisiún, a fuair tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('an Ghníomhaireacht'), an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ('an Tairseach') i mí an Mheithimh 2021 lena cur in ionad an Chláir Eorpaigh ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán agus ar an gcaoi sin, chun sineirgí leis an tuairisciú faoi Threoir 2010/75/AE a fheabhsú. | (7) I gcomhréir le conclúidí an dara tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 166/2006, d'fhorbair an Coimisiún, a fuair tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('an Ghníomhaireacht'), an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ('an Tairseach') i mí an Mheithimh 2021 lena cur in ionad an Chláir Eorpaigh ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán agus ***é mar aidhm leis sin*** sineirgí leis an tuairisciú faoi Threoir 2010/75/AE a fheabhsú. |
| [38] https://industry.eea.europa.eu/ | [38] https://industry.eea.europa.eu/ |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Trí bhíthin na Tairsí, ba cheart rochtain ar líne atá saor in aisce a sholáthar don phobal ar thacar sonraí breise atá comhtháite comhleanúnach maidir leis na príomhbhrúnna comhshaoil a ghineann suiteálacha tionsclaíocha ós rud é gur uirlis chostéifeachtach iad na sonraí sin chun comparáidí a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh maidir le cúrsaí comhshaoil, feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a spreagadh, treochtaí a rianú, dul chun cinn | (8) Trí bhíthin na Tairsí, ba cheart rochtain ar líne atá saor in aisce a sholáthar don phobal ar thacar sonraí breise atá comhtháiteagus comhleanúnach ***i ngach teanga oifigiúil den Aontas*** maidir leis na príomhbhrúnna comhshaoil a ghineann suiteálacha tionsclaíocha***, lena n-áirítear faisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoi Airteagal 74(2a) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus*** |

a léiriú maidir le truailliú a laghdú, suiteálacha a thagarmharcáil, faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíontacht le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta, tosaíochtaí a leagan síos agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar trí bheartais agus cláir chomhshaoil de chuid an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

***ón gComhairle (COM(2022)156),*** ós rud é gur uirlis chostéifeachtach iad na sonraí sin chun comparáidí a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh maidir le cúrsaí comhshaoil, feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a spreagadh, treochtaí a rianú, dul chun cinn a léiriú maidir le truailliú a laghdú, ***tagarmharcáil chomhshaoil níos fearr a dhéanamh ar shuiteálacha, agus sainiúlachtaí gach suiteála á n-aithint ag an am céanna***, faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíontacht le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta, tosaíochtaí a leagan síos agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar trí bheartais agus cláir chomhshaoil de chuid an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart na sonraí sa Tairseach a léiriú i bhfoirm chomhiomlánaithe agus neamh-chomhiomlánaithe araon chun go mbeidh úsáideoirí in ann cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh. | (9) Ba cheart don Tairseach na sonraí atá inti a chur i láthair i bhfoirmeacha comhiomlánaithe agus neamh-chomhiomlánaithe chun ligean d’úsáideoirí cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh ***agus chun modhanna leictreonacha soláimhsithe chun sonraí a bhaint, lena n-áirítear tacair sonraí bunaithe ar chuardach, a cheadú.*** |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le tuairisciú ar ‘an leibhéal suiteála’ chun sineirgí a chur chun feidhme idir an Tairseach agus na tacair sonraí maidir le brúnna comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear na cinn a chumhdaítear le Treoir | (10) Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le tuairisciú ar ‘an leibhéal suiteála’, ***nó, i gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(2) de Threoir 2010/75/AE agus ina gcumhdaíonn cead dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha arna n-*** |

2010/75/AE, agus chun comhleanúnachas le cur chun feidhme na Treorach sin agus tacaíocht le haghaidh an chur chun feidhme a áirithiú.

***oibriú ag an oibreoir céanna ar an láithreán céanna, ar an leibhéal ceada,*** chun sineirgí a chur chun feidhme idir an Tairseach agus na tacair sonraí maidir le brúnna comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear na cinn a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE, agus chun comhleanúnachas le cur chun feidhme na Treorach sin agus tacaíocht le haghaidh an chur chun feidhme a áirithiú.

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart sonraí a bheith sa Tairseach maidir leis an úsáid a bhaineann na suiteálacha lena mbaineann as uisce, fuinneamh agus amhábhair chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní | (13) Ba cheart sonraí ***bunúsacha*** a bheith sa Tairseach maidir leis an úsáid a bhaineann na suiteálacha lena mbaineann as uisce, fuinneamh agus amhábhair***, ar choinníoll nach rachaidh méid na faisnéise sin thar a bhfuil riachtanach*** chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart d'oibreoirí suiteálacha faisnéis a thuairisciú freisin faoin méid táirgeachta, an líon bhfostaithe agus faoi uaireanta oibriúcháin na suiteála lena mbaineann mar aon le faisnéis faoi thionóiscí as ar eascair scaoilte, chun go mbeifear in ann na sonraí a thuairiscítear maidir le scaoilte truailleán agus aistrithe dramhaíola agus fuíolluisce ón láithreán a chur i gcomhthéacs. | (15) Ba cheart d'oibreoirí suiteálacha faisnéis ***ghinearálta*** a thuairisciú freisin faoin méid táirgeachta agus faoi uaireanta oibriúcháin na suiteála lena mbaineann, mar aon le faisnéis faoi thionóiscí as ar eascair scaoilte, ***ar choinníoll nach rachaidh méid na faisnéise sin thar a bhfuil riachtanach*** chun go mbeifear in ann na sonraí a thuairiscítear maidir le scaoilte truailleán agus aistrithe dramhaíola agus fuíolluisce ón láithreán a chur i gcomhthéacs. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) An tairbhe fhoriomlán a bhaineann leis an Tairseach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhshaoil a bhaineann le suiteálacha tionsclaíocha, ba cheart an tairbhe sin a uasmhéadú trí naisc a chur inti chuig sreafaí eile faisnéise a eascraíonn ó reachtaíocht chomhshaoil eile an Aontais maidir leis an athrú aeráide, an t-aer, an t-uisce agus an chosaint talún, agus maidir le bainistíocht dramhaíola, lena n-áirítear an tuairisciú faoi Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoi Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Threoir 2010/75/AE. Thairis sin, chun luach na Tairsí a uasmhéadú d'úsáideoirí, ba cheart í a dhearadh chun éascú a dhéanamh ar chomhtháthú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo le sreafaí ábhartha eile sonraí comhshaoil. | (16) An tairbhe fhoriomlán a bhaineann leis an Tairseach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhshaoil a bhaineann le suiteálacha tionsclaíocha, ba cheart an tairbhe sin a uasmhéadú trí naisc a chur inti ***chuig achoimre ar an gcead, chuig an gcóras bainistithe comhshaoil, agus chuig an bplean claochlaithe, agus*** chuig sreafaí eile faisnéise a eascraíonn ó reachtaíocht chomhshaoil eile an Aontais maidir leis an athrú aeráide, an t-aer, an t-uisce agus an chosaint talún, agus maidir le bainistíocht dramhaíola, lena n-áirítear an tuairisciú faoi Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoi Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Threoir 2010/75/AE. Thairis sin, chun luach na Tairsí a uasmhéadú d'úsáideoirí, ba cheart í a dhearadh chun éascú a dhéanamh ar chomhtháthú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo le sreafaí ábhartha eile sonraí comhshaoil. |
| Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1). | [41] Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1). |
| Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). | [42] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis an tuairisciú a dhéanann na Ballstáit, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cineál agus formáid na faisnéise atá le soláthar agus na sprioc-amanna tuairiscithe a leagan síos. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | (20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis an tuairisciú a dhéanann na Ballstáit, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cineál agus formáid na faisnéise atá le soláthar***, lena n-áirítear foirmeacha leictreonacha caighdeánacha i gcás inarb iomchuí,*** agus na sprioc-amanna tuairiscithe a leagan síos. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43]. |
| Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [43] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) I bhfianaise a thábhachtaí atá rochtain thapa ar fhaisnéis chomhshaoil do shaoránaigh an Aontais, tá sé fíor-riachtanach é go gcuireann na Ballstáit agus an Coimisiún na sonraí ar fáil go poiblí a thapúla agus is féidir go teicniúil. Chuige sin, cé go bhfuil an sprioc-am beacht tuairiscithe le leagan síos i ngníomh cur chun feidhme, níor cheart é a bheith níos dhéanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh na | (21) I bhfianaise a thábhachtaí atá rochtain thapa ar fhaisnéis chomhshaoil do shaoránaigh an Aontais, tá sé fíor-riachtanach é go gcuireann na Ballstáit agus an Coimisiún na sonraí ar fáil go poiblí a thapúla agus is féidir go teicniúil***, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis ghiniúint na faisnéise***. Chuige sin, cé go bhfuil an sprioc-am beacht tuairiscithe le leagan síos i ngníomh cur |

bliana tuairiscithe.

chun feidhme, níor cheart é a bheith níos dhéanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe.

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Maidir le sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit, ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht go háirithe maidir lena gcruinneas, a n-iomláine, a gcomhsheasmhacht agus a n-inchreidteacht. Ba cheart do na húdaráis inniúla, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a sholáthraíonn oibreoirí. | (23) Maidir le sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit ***agus oibreoirí go leictreonach***, ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht go háirithe maidir lena gcruinneas, a n-iomláine, a gcomhsheasmhacht agus a n-inchreidteacht. Ba cheart do na húdaráis inniúla, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a sholáthraíonn oibreoirí. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart rannpháirtíocht an phobail san fhorbairt bhreise a dhéanfar ar an Tairseach a áirithiú trí dheiseanna luatha éifeachtacha a chur ar fáil chun barúlacha, faisnéis, anailís agus tuairimí a chur isteach le haghaidh an phróisis cinnteoireachta. | (25) Ba cheart rannpháirtíocht an phobail san fhorbairt bhreise a dhéanfar ar an Tairseach a áirithiú trí dheiseanna luatha***, rialta*** agus éifeachtacha a chur ar fáil chun barúlacha, faisnéis, anailís agus tuairimí a chur isteach le haghaidh an phróisis cinnteoireachta. |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun úsáideacht agus tionchar na Tairsí a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún, agus tacaíocht á fáil aige ón nGníomhaireacht, treoraíocht a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme an | (26) Chun úsáideacht agus tionchar na Tairsí a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, ***comhchuibhiú sholáthar leictreonach na sonraí a éascú, chun a gcúrsaíocht agus a bhfoilsiú a*** |

Rialacháin seo.

***éascú, agus ba cheart*** dó treoir a fhorbairt a thacóidh le cur chun feidhme an Rialacháin seo ***chomh maith le cúnamh teicniúil a chur ar fáil, mar shampla, chun tacú le forbairt foirmeacha leictreonacha.***

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun tairseacha tuairiscithe a chinneadh, chun truailleáin a chur léi ar truailleáin iad atá faoi réir bearta sonracha rialála faoi dhlí an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus an uisce agus maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2004/107/CE, 2006/118/CE, 2008/50/CE agus 2008/105/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun léiriú a dhéanamh ar athruithe a dhéantar ar an bPrótacal maidir leis na truailleáin atá le tuairisciú agus a dtairseacha tuairiscithe, agus chun an Iarscríbhinn a oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch nó teicniúil. | (29) Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun tairseacha tuairiscithe a chinneadh, chun truailleáin a chur léi***, go háirithe substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad, amhail micreathruailleáin nó micreaplaistigh, lena n-áirítear na nanafhoirmeacha,*** ar truailleáin iad atá faoi réir bearta sonracha rialála faoi dhlí an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus an uisce agus maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoracha 2000/60/CE[53], 2004/107/CE[54], 2006/118/CE[55], 2008/50/CE[56] agus 2008/105/AE[57] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun léiriú a dhéanamh ar athruithe a dhéantar ar an bPrótacal maidir leis na truailleáin atá le tuairisciú agus a dtairseacha tuairiscithe, agus chun an Iarscríbhinn a oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch nó teicniúil. |

Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-

[52] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-

aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach (IO L 23, 26.1.2005, lch. 3).

Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[53] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[54] Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach (IO L 23, 26.1.2005, lch. 3).

[55] Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

[56] Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

[57] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (30) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe ***agus ar leibhéal na speisialtóirí ábhartha agus na n-earnálacha tionsclaíocha***, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[58]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| 58 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. | 58 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme Prótacal UNECE maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán ('an Prótacal') trí rialacha a leagan síos maidir le sonraí comhshaoil faoi shuiteálacha tionsclaíocha a bhailiú agus a thuairisciú agus bunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ('Tairseach') ar leibhéal an Aontais i bhfoirm bunachar sonraí ar líne chun rochtain a thabhairt ar | Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme Prótacal UNECE maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán ('an Prótacal') trí rialacha a leagan síos maidir le sonraí comhshaoil faoi shuiteálacha tionsclaíocha a bhailiú agus a thuairisciú agus bunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ('***an*** Tairseach') ar leibhéal an Aontais i bhfoirm bunachar sonraí ar líne chun rochtain a thabhairt ar |

| | |
|---|---|
| na sonraí sin. | na sonraí sin. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) ciallaíonn 'Cód Dramhaíola AE' cód sé dhigit ar an liosta dramhaíola a ghabhann le Cinneadh ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE maidir leis an liosta dhramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]*** <br>__________________ <br>***[1a] Cinneadh 2014/995/EU ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE maidir leis an liosta dramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ciallaíonn 'aisghabháil' aon oibríocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE; | (14) ciallaíonn 'aisghabháil' aon oibríocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE***, imdhealaithe de réir an chóid ábhartha R***; |

*Réasúnú*

*Liostaítear oibríochtaí aisghabhála le cóid R in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE. Ba cheart sonraí maidir le haisghabháil atá ar fáil ar an Tairseach a mhiondealú de réir an chóid R.*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'diúscairt' aon oibríocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE; | (15) ciallaíonn 'diúscairt' aon oibríocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE***, imdhealaithe de réir an chóid ábhartha D***; |

*Réasúnú*

*Liostaítear oibríochtaí diúscartha le cóid R in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE. Ba cheart sonraí maidir le diúscairt atá ar fáil ar an Tairseach a mhiondealú de réir an chóid D.*

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireofar na sonraí seo a leanas ar an Tairseach: | 1. Áireofar ar an Tairseach sonraí, ***i bhformáid chaighdeánaithe lena n-éascaítear asbhaint sonraí,*** maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an achoimre ar an gcead mar a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(4) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156), agus an iarscríbhinn a ghabhann leis an gcead i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM*** |

| | |
|---|---|
| | ***(2022)156);*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis chórasaithe arna soláthar ag na Ballstáit maidir leis na sonraí eolaíocha atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 79a de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156).*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áireofar an méid seo a leanas ar an Tairseach freisin:*** |
| | ***(a) liosta de shuiteálacha neamhchomhlíontacha de bhun Airteagal 79 de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156) tar éis an chinnidh deiridh maidir leis an neamhchomhlíonadh arna eisiúint ag údarás inniúil breithiúnach nó riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;*** |
| | ***(b) an chonclúid faoi na teicnící is fearr atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 13(6) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156).*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cláir, bunachair sonraí agus suíomhanna gréasáin eile atá ann cheana a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, arna mbunú ar leibhéal na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais, lena dtugtar rochtain ar na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais maidir leis an athrú aeráide, cosaint an aeir, an uisce agus na talún agus an bhainistíocht dramhaíola. | (b) cláir, bunachair sonraí agus suíomhanna gréasáin eile atá ann cheana a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, arna mbunú ar leibhéal na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais, lena dtugtar rochtain ***i bhformáid chaighdeánaithe lenar féidir sonraí a asbhaint, i gcás ina bhfuil asbhaint sonraí indéanta agus rochtain*** ar na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais maidir leis an athrú aeráide, cosaint an aeir, an uisce agus na talún agus an bhainistíocht dramhaíola. |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an cead dá dtagraítear in Airteagal 5(4) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156);*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) an EMS dá bhforáiltear in Airteagal 14a de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156);*** |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) na pleananna claochlaithe dá bhforáiltear in Airteagal 27d de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM (2022)156);*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh an Coimisiún an Tairseach ar fáil don phobal lena gcuirfear na sonraí i láthair i bhfoirmeacha comhiomlánaithe agus neamh-chomhiomlánaithe araon d'fhonn cuardaigh de réir na nithe seo a leanas a éascú: | 1. Cuirfidh an Coimisiún an Tairseach ar fáil don phobal lena gcuirfear na sonraí i láthair i bhfoirmeacha ***atá inrochtana go héasca agus soláimhsithe agus atá*** comhiomlánaithe agus neamh-chomhiomlánaithe araon d'fhonn cuardaigh, ***asbhaint sonraí agus íoslódálacha de thacair sonraí cuardach-bhunaithe*** de réir na nithe seo a leanas a éascú: |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) suiteáil, lena n-áirítear máthairchuideachta na suiteála i gcás inarb infheidhme, agus a suíomh geografach, lena n-áirítear an abhantrach; | (a) suiteáil, ***nó grúpa de dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha a chumhdaítear leis an gcead céanna i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2010/75/AE***, lena n-áirítear máthairchuideachta na suiteála i gcás inarb infheidhme, agus a suíomh geografach, lena n-áirítear an abhantrach; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) aistrithe dramhaíola ón láithreán agus, de réir mar is iomchuí, a gcinn scríbe; | (f) aistrithe dramhaíola lasmuigh den láthair agus, de réir mar is iomchuí, a gceann scríbe ***i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, ag léiriú 'R' nó 'D', faoi seach, lena gcuirtear in iúl an bhfuil an dramhaíl beartaithe lena haisghabháil nó lena diúscairt;*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, cuirfidh na Ballstáit na hábhair sonraí ar an eolas faoina gcearta maidir le cosaint sonraí faoin Rialachán sin agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.*** |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Oibreoir gach suiteála a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn I, lena gcomhlíontar na tairseacha acmhainne is infheidhme a shonraítear san Iarscríbhinn sin, tuairisceoidh sé na sonraí seo a leanas chuig a údarás inniúil gach bliain, ach amháin má tá na sonraí sin ar fáil don údarás inniúil cheana: | 1. Oibreoir gach suiteála, ***nó grúpa de dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha a chumhdaítear leis an gcead céanna i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2010/75/AE***, a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn I, lena gcomhlíontar na tairseacha acmhainne is infheidhme a shonraítear san Iarscríbhinn sin, tuairisceoidh sé na sonraí seo a leanas |

chuig a údarás inniúil ***ar a laghad*** gach bliain ***agus ag úsáid foirm ionchuir leictreonach***, ach amháin má tá na sonraí sin ar fáil don údarás inniúil cheana:

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) faisnéis lenar féidir na sonraí a thuairiscítear faoi phointí (a) go (d) a chur i gcomhthéacs, lena n-áirítear an méid táirgeachta, an líon fostaithe, an líon uaireanta oibre agus faisnéis faoi thionóiscí as ar eascair scaoilte; | (e) faisnéis lenar féidir na sonraí a thuairiscítear faoi phointí (a) go (d) a chur i gcomhthéacs, lena n-áirítear an méid táirgeachta, an líon uaireanta oibre agus faisnéis faoi thionóiscí as ar eascair scaoilte; |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an achoimre ar an gcead mar a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5(4) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156);*** |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) an nasc díreach chuig EMS dá bhforáiltear in Airteagal 14a de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156);*** |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fc) an nasc díreach leis an gcead dá dtagraítear in Airteagal 5(4) de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156);*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fd) an nasc díreach leis na pleananna claochlaithe dá bhforáiltear in Airteagal 27d de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156);*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sonróidh na hoibreoirí sa tuarascáil na modhanna a úsáidtear chun na sonraí a fháil. I gcás ina bhfuarthas na sonraí trí thomhas a dhéanamh, léireofar an modh anailíseach. I gcás ina bhfuarthas na sonraí trí ríomh a dhéanamh, léireofar an modh ríofa. | 4. Sonróidh na hoibreoirí sa tuarascáil na modhanna a úsáidtear chun na sonraí a fháil. I gcás ina bhfuarthas na sonraí trí thomhas a dhéanamh, léireofar an modh anailíseach. I gcás ina bhfuarthas na sonraí trí ríomh a dhéanamh, léireofar an modh ríofa***, lena n-áirítear an neamhchinnteacht bhainteach tomhais***. |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Ag féachaint do na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6, cinnfidh na Ballstáit dáta faoina soláthróidh na hoibreoirí na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo dá n-údarás inniúil. | 11. Ag féachaint do na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6, cinnfidh na Ballstáit dáta faoina soláthróidh na hoibreoirí na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo dá n-údarás inniúil. ***Cuirfidh na Ballstáit foirm ionchuir leictreonach ar fáil don oibreoir chun críocha na gceanglas tuairiscithe a bhunaítear san Airteagal seo.*** |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. I gcás, de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2010/75/AE, ina gcumhdaíonn cead dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha arna n-oibriú ag an oibreoir céanna ar an láithreán céanna, féadfaidh an t-oibreoir na ceanglais tuairiscithe a bhunaítear san Airteagal seo a chomhlíonadh trí na sonraí go léir a bhaineann leis na suiteálacha sin, nó leis na codanna sin de na suiteálacha, a chumhdaítear leis an gcead céanna, a chur isteach in aon tuarascáil amháin.*** |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gach bliain, soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún, trí mhodh leictreonach, tuarascáil ina mbeidh na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 5 i bhformáid arna leagan síos ag an gCoimisiún agus ar dháta arna leagan síos aige trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a | 1. Gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún, go leictreonach, ina mbeidh na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 5, ***nasc díreach chuig suíomh gréasáin na n-údarás inniúil le haghaidh fógraí poiblí le haghaidh gach suiteála agus liosta de shuiteálacha neamhchomhlíontacha de*** |

ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2). In aon chás, ní bheidh an dáta tuairiscithe níos déanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe.

***bhun Airteagal 79 de Threoir 2010/75/AE in astaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156) tar éis an chinnidh deiridh maidir leis an neamhchomhlíonadh arna eisiúint ag údarás inniúil breithiúnach nó riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i bhformáid chaighdeánaithe lenar féidir cuardaigh agus asbhaintí a dhéanamh, i gcás inar féidir*** agus faoi dháta atá le bunú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2). In aon chás, ní bheidh an dáta tuairiscithe níos déanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe.

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis chórasaithe don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht freisin maidir leis na sonraí eolaíocha atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 79a de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156). Déanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí a ionchorprú sa Tairseach tar éis grinnscrúdú a dhéanamh ar iontaofacht eolaíoch na bhfoinsí.*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar cháilíocht na sonraí a sholáthraíonn oibreoirí na suiteálacha dá dtagraítear i mír 1, go háirithe maidir lena gcruinneas, a n-iomláine, a gcomhsheasmhacht agus a n-inchreidteacht. | 2. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar cháilíocht na sonraí a sholáthraíonn oibreoirí na suiteálacha dá dtagraítear i mír 1, go háirithe maidir lena gcruinneas, a n-iomláine, a gcomhsheasmhacht agus a n-inchreidteacht. ***I gcás easnaimh cháilíochtúla a bheith sna sonraí arna soláthar faoi Airteagal 5, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla trí mheáin leictreonacha, cuirfidh oibreoirí na suiteála lena mbaineann na sonraí ceartaithe ar fáil do na húdaráis inniúla gan mhoill.*** |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measfaidh Ballstát sonraí a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2003/4/CE, déanfar léiriú ar leithligh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo le haghaidh na bliana tuairiscithe lena mbaineann le haghaidh gach suiteála nach féidir sonraí a chur ar fáil don phobal ina leith agus soláthrófar na cúiseanna leis sin. | I gcás ina measfaidh Ballstát sonraí a bheith rúnda i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2003/4/CE, déanfar léiriú ar leithligh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo le haghaidh na bliana tuairiscithe lena mbaineann le haghaidh gach suiteála, ***nó i dtuarascáil aonair le haghaidh grúpa de dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha i gcomhréir le hAirteagal 5(11a) den Rialachán seo,*** nach féidir sonraí a chur ar fáil don phobal ina leith agus soláthrófar na cúiseanna leis sin. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag oibreoirí agóid a dhéanamh i gcoinne fhoilsiú na sonraí sin i gcomhréir le hAirteagal 3a de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, arna leasú le Treoir XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2022)156).*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an deis ag an bpobal barúlacha, faisnéis, anailís agus tuairimí a chur isteach laistigh de thréimhse réasúnta. | 2. Beidh an deis ag an bpobal barúlacha, faisnéis, anailís agus tuairimí a chur isteach laistigh de thréimhse ***réasúnta fada agus ina aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais.*** |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Treoraíocht | Treoir ***maidir le cur chun feidhme*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, a dtabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh dó, treoraíocht lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil, lena dtugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas ar a laghad: | Déanfaidh an Coimisiún, a dtabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh dó ***agus tar éis dul i gcomhairle le grúpa saineolaithe an Chláir Eorpaigh ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR),*** treoraíocht lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil, lena dtugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) nósanna imeachta um thuairisciú; | (a) nósanna imeachta tuairiscithe ***caighdeánaithe san Aontas;*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún chun cinn feasacht an phobail ar an Tairseach agus tuiscint an phobail ar úsáid na sonraí sa Tairseach. | Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún chun cinn feasacht an phobail ar an Tairseach agus tuiscint an phobail ar úsáid na sonraí sa Tairseach ***i ndlúthchomhar leis an bpobal***. |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) chun í a ailíniú leis an bPrótacal tar éis leasú ar a iarscríbhinní a ghlacadh. | (d) ***truailleáin a cuireadh leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis*** an bPrótacal ***a chur leis.*** |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo bunaithe ar na critéir dá dtagraítear san Airteagal seo agus ar na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2010/75/AE. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15 chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.*** |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***ceithre*** bliana amhail ón… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse ***ceithre*** bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá i gcomhréir le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Ríomhfar leibhéal na bhfíneálacha ar bhealach chun a áirithiú go gceiltear go héifeachtach ar duine atá freagrach as an sárú na leasanna eacnamaíocha a bhaint as an sárú sin. Méadófar leibhéal na bhfíneálacha diaidh ar ndiaidh i gcás sraith sáruithe. | 2. Áireofar ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá i gcomhréir le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh ***sa Bhallstáit inar tharla an sárú*** nó le hioncam an duine nádúrtha ***a*** rinne an sárú. Ríomhfar leibhéal na bhfíneálacha ar bhealach chun a áirithiú go gceiltear go héifeachtach ar duine atá freagrach as an sárú na leasanna eacnamaíocha a bhaint as an sárú sin. Méadófar leibhéal na bhfíneálacha diaidh ar ndiaidh i gcás sraith sáruithe. |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) aon phionóis a fuarthas roimhe*** |

*sin faoin Airteagal seo;*

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – ró 33 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ***(33 a)*** | ***115-32-2*** | ***Déchófól*** | ***1*** | ***1*** | ***1*** |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – ró 49 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ***(49 a)*** | ***335-67-1, 355-46-4 agus cinn eile*** | ***PFAS, lena n-áirítear PFOA[1a], PFHxS[1b], a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara*** | ***1*** | ***1*** | ***1*** |
| __________________ | | | | | |
| ***[1a] Aigéad sárfhluaractanóch*** | | | | | |
| ***[1b] Aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin*** | | | | | |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II, fonóta 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

([12]) Mais iomlán na ndéfheiniléitear bróimínithe seo a leanas: peintea-BDE, ochtai-BDE agus deacai-BDE.

([12]) Mais iomlán na ndéfheiniléitear bróimínithe seo a leanas: Penta-BDE, octa-BDE agus deca-BDE, hepta-BDE, hexa-BDE, tetra-BDE.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is éard atá sa Chlár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR Eorpach) sonraí a thuairiscíonn 30,000 saoráid thionsclaíoch ar bhonn bliantúil, ar saoráidí iad lena gcumhdaítear 65 ghníomhaíocht eacnamaíoch ar fud an Aontais. Leis an Rialachán seo, cuirtear Prótacal Chív 2006 maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán ('an Prótacal') chun feidhme[1].
Gach bliain, cuireann na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún ina bhfuil sonraí arna gcur isteach ag oibreoirí saoráidí tionsclaíocha maidir le scaoilte agus aistrithe gach saoráide. Foilsíonn an Coimisiún na sonraí ar shuíomh gréasáin poiblí ina dhiaidh sin, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

Léiríodh gur bonn ríthábhachtach eolais é PRTR Eorpach maidir le scaoilte ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha an Aontais. Chuir na geallsealbhóirí fáilte roimhe, go háirithe tar éis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha ('an Tairseach')[2] a chruthú, rud a nascann go dlúth é le Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ('an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha – IED')[3]. Leis an Tairseach, a cuireadh in ionad suíomh gréasáin de PRTR Eorpach, tugtar le chéile sonraí faoi ghníomhaíochtaí tionsclaíocha a thuairiscítear faoin dá dhlí comhshaoil sin de chuid an Aontais.

Leis an togra seo, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún PRTR Eorpach a fheabhsú tuilleadh trí oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach i reachtaíocht chomhshaoil eile a ailíniú trí fhaisnéis chomhthéacsúil bhreise a thuairisciú. Cuimsíonn an togra ón gCoimisiún na hathruithe seo a leanas:

- Déantar raon feidhme earnála an Rialacháin a athbhreithniú chun go mbeidh sé níos comhsheasmhaí le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an dlí comhshaoil gaolmhar. Baineann sé sin le IED go háirithe, ach baineann sé le Treoir (AE) 2015/2193 maidir le gléasraí dócháin meánmhéide (TGDM)[4] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle maidir leis an gcóireáil fuíolluisce uirbigh (Treoir CFUU)[5].

  Sa tuarascáil seo, mar Rapóirtéir ENVI, tacaím leis an gcur chuige sin agus ní chomhdaím leasuithe a bhainfeadh den togra.

- Molann an Coimisiún gur cheart gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Rialacháin a thuairisciú ar an leibhéal suiteála – mar atá i gcás na ndlíthe eile sin – seachas ar an leibhéal saoráide.

  Mar Rapóirtéir, tacaím leis an gcur chuige sin, a mhéid a thacaítear leis san athbhreithniú ar IED. Tacaíonn an tuarascáil seo le tuairisciú ar an leibhéal suiteála,

---

[1] Prótacal Chív maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán chuig Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil: https://unece.org/environment-policy/public-participation/prtrs-protocol-text.
[2] https://industry.eea.europa.eu/
[3] IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.
[4] IO L ***313, 28.11.2015, lch. 1.***
[5] IO L 135, 30.5.1991, lch. 40.

ach cuirtear san áireamh inti an rogha, dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de IED, lena bhforáiltear, go bhféadfadh cead aonair dhá shuiteáil nó níos mó nó codanna de shuiteálacha arna n-oibriú ag an oibreoir céanna ar an láithreán céanna a chumhdach. Dá bhrí sin, áirím an rogha sin ar fud na tuarascála, lena n-áirítear sa sainmhíniú ar 'suiteáil' chun críocha an Rialacháin.

- Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún, bunaithe ar uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le truailliú nialasach, na truailleáin ábhartha uile a chumhdach. Cuirtear truailleáin áirithe le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
  - substaintí tosaíochta faoi Threoir Réime 2000/60/CE maidir le hUisce agus faoi Threoir 2008/105/AE maidir le hUisce Dromchla;
  - substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí ar údar an-mhór imní iad i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH)[6];
  - substaintí a chumhdaítear le dlí an Aontais maidir le screamhuisce agus cáilíocht an aeir, lena n-áirítear an Treoir maidir le Screamhuisce, an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Treoir 2004/107/CE maidir le tiúchan truailleán áirithe san aer comhthimpeallach.

  Sa tuarascáil, tacaím leis an uaillmhian sin agus ní chomhdaím aon leasú ar Iarscríbhinn II.

- Chun a bheith comhsheasmhach le beartais de chuid an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus dícharbónú agus chun tagarmharcáil níos fearr chomhshaoil a chumasú, molann an Coimisiún gur cheart d'oibreoirí tuairisciú a dhéanamh ar mhéid na táirgeachta agus ar shonraí comhlántacha, go háirithe úsáid acmhainní (fuinneamh, uisce agus amhábhair).

  I mo thuairimse, mar Rapóirtéir, tá codanna de na ceanglais nua sin rófhada ó raon feidhme tosaigh an Rialacháin, agus sáraíonn siad cuspóirí Threoir 2010/75/AE, rud a chruthaíonn ualach riaracháin nach bhfuil gá leis agus a chuireann rúndacht faisnéise gnó i mbaol go díréireach. Dá bhrí sin, molaim leasuithe áirithe, arb é is aidhm leo faisnéis ghnó a chosaint agus raon feidhme na faisnéise agus na sonraí a theorannú don mhéid is gá, agus croí an togra ón gCoimisiún a choinneáil.

- Sa togra reachtach, iarrann an Coimisiún cumhachtaí fairsinge áirithe tarmligin, a chomhfhreagraíonn do na cumhachtaí tarmligin a iarradh faoin athbhreithniú ar IED. Téann cuid de na cumhachtaí tarmligin sin a iarradh níos faide ná saincheisteanna teicniúla agus baineann siad le príomhchúram na gcomhreachtóirí. Is fíor sin go háirithe i ndáil leis an moladh maidir le cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhaíochtaí nua agraithionsclaíocha a áireamh ar deireadh faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. Mar Rapóirtéir ENVI maidir leis an togra, agus i gcomhréir le seasamh leanúnach agus comhsheasmhach na Parlaiminte mar chomhreachtóir agus mar institiúid dhaonlathach, a dhéanann ionadaíocht dhíreach ar shaoránaigh an Aontais, cuirim m'imní in iúl maidir leis an gcur chuige reachtach sin. Dá bhrí sin, molaim go ndiúltófaí do na forálacha i gcás ina

[6] IO L 396, 30.12.2006, lch. ***1.***

mbaineann cumhachtaí tarmligin le ceisteanna polaitiúla bunriachtanacha, ach aontaím leis na forálacha sin atá riachtanach chun réitigh theicniúla atá tráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil.

# NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha |
| **Tagairtí** | COM(2022)0157 – C9-0145/2022 – 2022/0105(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 6.4.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>5.5.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>5.5.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ITRE<br>20.4.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Radan Kanev<br>10.5.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 12.7.2022 30.11.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 77<br>–: 3<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Maria Arena, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glück, Teuvo Hakkarainen, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Catherine Chabaud, Martin Häusling, Romana Jerković, Radan Kanev, Ska Keller, Ondřej Knotek, Norbert Lins, Marisa Matias, Max Orville, Marcos Ros Sempere, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Ilana Cicurel, Clare Daly, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Virginie Joron, Erik Marquardt, Pedro Marques, Marlene Mortler, Edina Tóth, Kosma Złotowski |
| **Dáta don chur síos** | 5.6.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 77 | + |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska, Kosma Złotowski |
| ID | Gianna Gancia, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| NI | Maria Angela Danzì, Edina Tóth |
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Radan Kanev, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Norbert Lins, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Marlene Mortler, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Ilana Cicurel, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Jan Huitema, Max Orville, Erik Poulsen, María Soraya Rodríguez Ramos, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Attila Ara-Kovács, Maria Arena, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Estrella Durá Ferrandis, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Romana Jerković, César Luena, Pedro Marques, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Marcos Ros Sempere, Günther Sidl, Achille Variati, Petar Vitanov |
| The Left | Malin Björk, Clare Daly, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Michael Bloss, Malte Gallée, Martin Häusling, Yannick Jadot, Ska Keller, Erik Marquardt, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Teuvo Hakkarainen |
| ID | Sylvia Limmer |
| Renew | Ondřej Knotek |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Virginie Joron |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| Renew | Andreas Glück |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh